


Gníomhaíocht Daltaí: Cothromóidí san fhoirm $ax + b = cx + d$


Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ' $ax + b = cx + d$ ', ar CD an Dalta.



1.

- a. Líon isteach an tábla thíos, agus ar phéire amháin aiseanna tarraing graif na bhfeidhmeanna $f(x) = 3x + 1$ agus $g(x) = 2x + 1$.

x	$f(x) = 3x + 1$	$g(x) = 2x + 1$
-3		
-2		
-1		
0		
1		
2		




- b. Léirigh pointe trasghearrtha $f(x) = 3x + 1$ agus $g(x) = 2x + 1$ ar an ngraf. Ainmnigh an pointe trasghearrtha. Cén t-eolas a thugann sé dúinn?

- c. Cé mhéad pointe trasghearrtha atá ag na graif $f(x)$ agus $g(x)$? An bhfuil seans ann go dtrasghearrann siad a chéile ag pointe/ ag pointí eile nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf seo? Mínigh do fhreagra.

2.


- a. Líon isteach an tábla thíos, agus ar péire amháin aiseanna tarraing graif an dá fheidhm $f(x) = 1x + 4$ agus $g(x) = 2x + 3$.

x	$f(x) = 1x + 4$	$g(x) = 2x + 3$
-2		
-1		
0		
1		
2		




- b. Léirigh ar an ngraf agus ainmnigh pointe(i) trasghearrtha $f(x) = 1x + 4$ agus $g(x) = 2x + 3$. Cén t-eolas atá againn dá bharr? An féidir go dtrasghearrann na graif a chéile ag pointí eile nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf? Mínigh.

3. Faigh réiteach grafach na cothromóide $f(x) = g(x)$, má tá $f(x) = 2x+2$ agus $g(x) = x+3$.



4. Cá háit a dtrasghearrann na feidhmeanna thíos a chéile? Tabhair cúis le do fhreagra.



5. Liostaigh dhá fheidhm nach dtrasghearrfaidh an fheidhm $f(x) = 4x+2$ go brách.

6. An dtrasghearrann an dá fheidhm $f(x) = 2x+1$ agus $g(x) = 2x+8$ a chéile? Mínigh.

7. Abair go bhfuil dhá fheidhm ann agus a fhios agat **nach** dtrasghearrfaidh siad a chéile riamh. Is é $f(x) = 5x+2$ cothromóid feidhm amháin. Gearrann an fheidhm eile an x-ais ag 3. Faigh a cothromóid.

8. An dtrasghearrann na feidhmeanna $f(x) = 2x+4$ agus $g(x) = -2x+1$ a chéile riamh? Mínigh do fhreagra

9. Réitigh iad seo a leanas leis an ailgéabar nó le graf, agus seiceáil an freagra leis an gcomhad idirghníomhach:

a. $2x+5 = 4x+1$

b. $3x+2 = 5x$

c. $-4x+4 = 5x-5$

d. $3x+2 = 8$
